Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14172/17**

**JURINFO 78**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 6 Samhain 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9855/17 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir leis an Aitheantóir Reachtaíochta Eorpach (ARE)<br>- Conclúidí ón gComhairle (6 Samhain 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Aitheantóir Reachtaíochta Eorpach (ARE), mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3571ú cruinniú a bhí aici ar an 6 Samhain 2017.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**
**AN 6 SAMHAIN 2017**
**MAIDIR LEIS AN AITHEANTÓIR REACHTAÍOCHTA EORPACH**

## I. RÉAMHRÁ

1. Le hAirteagal 67(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déantar foráil maidir le limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú, ina n-urramófar cearta bunúsacha agus córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát.

2. Ní hamháin go n-éilítear eolas ar an dlí Eorpach le limistéar Eorpach saoirse, slándála agus ceartais ina bhféadfaidh comhar breithiúnach feidhmiú, ach éilítear freisin eolas frithpháirteach ar chórais dlí na mBallstát eile, reachtaíocht náisiúnta san áireamh.

## II. AN tAITHEANTÓIR REACHTAÍOCHTA EORPACH

3. Is é is aidhm don aitheantóir reachtaíochta Eorpach (ARE) rochtain ar fhaisnéis dlí a fhoilsítear trí chórais faisnéise dlí ar leibhéal náisiúnta, Eorpach agus domhanda a éascú agus an fhaisnéis sin a roinnt agus a idirnascadh.

4. Baintear úsáid as ARE le córas rochtana níos oscailte, níos dírí agus níos trédhearcaí ar an reachtaíocht a chruthú do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus don riarachán ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéil eile lena chois.

5. Trí úsáid a bhaint as an aitheantóir ARE agus as meiteashonraí struchtúrtha le tagairt a dhéanamh don reachtaíocht agus leis an reachtaíocht sin a aicmiú, ráthaítear go dtabharfar rochtain níos éasca ar fhaisnéis dlí agus éascaítear malartú agus athúsáid na faisnéise sin. Mar shampla, baintear leas as ARE le sruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas trína dtugtar fógra don Choimisiún faoi bhearta náisiúnta trasuí agus faoi fhoilsiú na mbeart sin ag Oifig na bhFoilseachán ar láithreán gréasáin EUR-LEX.

6. Go háirithe, déantar an méid seo a leanas leis an gcóras ARE:

a) cuirtear idir-inoibritheacht idir na córais dlí chun cinn, agus ar an gcaoi sin, éascaítear comhar maidir le hábhair dhlíthiúla idir riaracháin náisiúnta agus cuirtear le cruthú limistéar saoirse, slándála agus ceartais an Aontais Eorpaigh;

b) feidhmíonn an córas mar spreagthóir don trédhearcacht agus don oscailteacht, agus athneartaíonn sé dlisteanacht agus cuntasacht na mBallstát a bhaineann úsáid as;

c) bíonn na húsáideoirí in ann aitheantóirí aonfhoirmeacha acmhainne ARE a chur le chéile de láimh, agus bíonn rochtain níos gasta agus níos éasca acu ar an reachtaíocht atá uathu mar thoradh air sin;

d) féadfaidh saoránaigh agus dlíodóirí cuardach a dhéanamh i reachtaíocht i gcórais éagsúla dlí ar bhealach níos éifeachtúla;

e) leis an gcóras, cuirtear feabhas ar éifeachtacht sreabha oibre na bhfoilseachán dlí, agus bíonn an reachtaíocht ar cháilíocht níos fearr agus níos iontaofa mar thoradh air sin agus bíonn coigilteas costas i gceist freisin;

f) féadfar sonraí dlí a athúsáid ar bhealach cliste agus cruthaítear deiseanna trína bhféadfadh an earnáil phríobháideach seirbhísí nua a fhorbairt, agus cuirtear le forbairt an mhargaidh aonair dhigitigh ar an gcaoi sin.

7. Ghlac an Chomhairle na conclúidí seo a leanas.

## III. RIACHTANAIS

8. Tugtar rochtain ar fhaisnéis faoin reachtaíocht agus faoi fhoilseacháin oifigiúla eile le tairseacha na nIrisí Oifigiúla agus na nIrisí Dlí náisiúnta agus Eorpacha.

9. Is féidir eolas faoi shubstaint agus faoi fheidhmiú dhlí an Aontais Eorpaigh a fháil ó fhoinsí dlí an Aontais agus ó fhoinsí náisiúnta, go háirithe ón reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear dlí an Aontais Eorpaigh chun feidhme.

10. Tá gá níos mó ann faisnéis dlí a thagann ó údaráis réigiúnacha agus ó údaráis náisiúnta a shainaithint agus a mhalartú ar an leibhéal Eorpach mar gheall ar chomhar laistigh den Aontas Eorpach. Freastalaítear ar an ngá sin i bpáirt tríd an bhfaisnéis dlí a chur ar fáil go digiteach agus trí úsáid fhorleathan a bhaint as an idirlíon. Mar sin féin, cuirtear as de mhalartú na faisnéise dlí i bhfoirm leictreonach mar gheall ar na difríochtaí atá ann idir na córais éagsúla náisiúnta dlí, chomh maith leis na difríochtaí atá sna córais theicniúla a mbaintear úsáid astu leis an reachtaíocht a stóráil agus a léiriú ar láithreáin gréasáin náisiúnta. Cuirtear isteach ar an idir-inoibritheacht idir córais faisnéise na n-institiúidí náisiúnta agus na n-institiúidí Eorpacha, in ainneoin go bhfuil fáil níos mó ar dhoiciméid i bhformáid leictreonach.

11. Cabhraítear teacht i dtír ar na fadhbanna sin trí úsáid a bhaint as an aitheantóir reachtaíochta Eorpach (ARE), bunaithe ar phrionsabal an ghlactha dheonaigh agus an ghlactha de réir a chéile. Trí leas a bhaint as aitheantóirí uathúla, meiteashonraí struchtúrtha a shannadh don reachtaíocht náisiúnta in Irisí Oifigiúla agus in Irisí Dlí agus trí na meiteashonraí a fhoilsiú i bhformáid ath-inúsáidte, féadfaidh na Ballstáit faisnéis a roinnt agus a mhalartú ar bhealach níos éifeachtaí, níos gasta, a bheidh níos fusa don úsáideoir, agus beidh sásraí cuardaigh níos éifeachtúla ann do reachtóirí, do bhreithimh, do dhlíodóirí agus do shaoránaigh.

## IV. RÉITIGH

12. Ba cheart do gach Ballstát leanúint dá Irisí Oifigiúla agus dá Irisí Dlí náisiúnta féin a fheidhmiú de réir mar a oireann dóibh féin.

13. Mar sin féin, meastar gur bealach úsáideach é córas coiteann leis an reachtaíocht a aithint agus leis na meiteashonraí a bhaineann léi a struchtúrú le forbairt bhreise a dhéanamh ar an reachtaíocht idirnasctha náisiúnta agus le freastal ar dhlíodóirí agus ar shaoránaigh agus na córais faisnéise dlí sin á n-úsáid acu.

14. Ráthófar le ARE rochtain phoiblí atá éifeachtacht ó thaobh costais ar reachtaíocht atá cothrom le dáta agus iontaofa agus tá ARE faoi réir a thabhartha isteach go deonach agus de réir a chéile. Chun na críche sin:

a) Cruthófar le ARE aitheantóir uathúil don reachtaíocht, atá inléite ag an duine agus ag ríomhairí araon, agus atá comhoiriúnach le caighdeáin teicneolaíochta atá ann cheana ('colún ARE 1');

b) Molfar le ARE tacar eilimintí meiteashonraí chun reachtaíocht a thuairisciú i gcomhréir le tagairt ointeolaíocht ('colún ARE 2');

c) Féadfar níos mó sonraí a mhalartú níos gasta le ARE: nuair atá na meiteashonraí leabaithe sna leathanaigh ghréasáin faoi seach de chuid na nIrisí Oifigiúla agus na nIrisí Dlí nó na gcóras faisnéise dlí, féadfar an fhaisnéis a mhalartú go huathoibríoch agus go héifeachtúil, a bhuí leis na tairbhí a bhaineann le hailtireacht an ghréasáin shéimeantaigh atá ag teacht chun cinn, lena bhféadfaidh ríomhairí agus daoine araon faisnéis a phróiseáil go díreach. ('Colún ARE 3').

15. Le ARE tugtar bealach solúbtha, féin-doiciméadaithe, comhsheasmhach agus uathúil chun tagairt a dhéanamh ar reachtaíocht sna córais dlí éagsúla. Is bealach cobhsaí iad aitheantóirí aonfhoirmeacha acmhainne (URIanna) ARE chun aon ghníomh reachtach ar fud an Aontais Eorpaigh a shainaithint, agus sainiúlachtaí na gcóras náisiúnta dlí á gcur san áireamh[1].

16. Le ARE cuirtear san áireamh ní hamháin castacht agus sainiúlacht na gcóras reachtach réigiúnach, náisiúnta agus Eorpach, ach na hathruithe sna hacmhainní dlí freisin (mar shampla comhdhlúthuithe, gníomhartha aisghairthe etc.). Tá sé ceaptha chun oibriú gan stró ar bharr na gcóras atá ann cheana trí úsáid a bhaint as sonraí struchtúrtha agus féadfaidh aon fhoilsitheoir reachtaíochta náisiúnta ar an leibhéal Eorpach é a thabhairt ar aghaidh ar a luas féin.

[1] Leis an Aitheantóir Cásdlí Eorpaigh, atá infheidhme ar bhonn deonach, cuirtear córas Eorpach ar fáil chun cásdlí a shainaithint. Le ARE sainaithnítear téacsanna reachtacha ag a bhfuil tréithe éagsúil, níos casta, agus tá an dá chóras comhlántach. D'iarr an Chomhairle go dtabharfaí isteach an t-aitheantóir cásdlí Eorpaigh agus tacar íosta meiteashonraí aonfhoirmigh don chásdlí trí chonclúidí uaithi (IO C 127, 29.4.2011, lch. 11).

17. Chomh maith leis na Ballstáit, spreagtar tíortha is iarrthóirí, Stáit Lugano[2] agus stáit eile chun úsáid a bhaint as córas ARE.

## V. AN STAID MAR ATÁ

18. Tar éis na gconclúidí ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2012, cuireadh na moltaí seo a leanas i bhfeidhm:

a) Cuireadh córas ARE i bhfeidhm i roinnt córais foilseacháin reachtaíochta náisiúnta (colún 1 agus/nó colún 2 agus/nó colún 3). Tá liosta de na foilsitheoirí reachtaíochta náisiúnta atá á chur i bhfeidhm i gclárlann ARE: http://eurlex.europa.eu/eli ;

b) Cuireadh ARE i bhfeidhm ar reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh ar a bhfuil teacht in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ar thairseach EUR-Lex arna hoibriú ag Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh;

c) Ag gníomhú di i gcomhréir le Cinneadh 2009/496/CE[3], chomhtháthaigh Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh ARE i dtairseach EUR-Lex;

d) Déanann Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh clárlann chomhordaitheoirí náisiúnta ARE, faisnéis maidir le formáid agus úsáid ARE sna tíortha rannpháirteacha, agus doiciméadacht úsáideach eile, a óstáil agus a chothabháil.

## VI. CONCLÚID

19. Is díol sásaimh don Chomhairle tionscnamh roinnt Ballstát maidir le ARE a chur chun feidhme ar bhonn deonach ar an leibhéal náisiúnta.

[2] An Íoslainn, an Iorua agus an Eilvéis.
[3] IO L 168, 30.6.2009, lch. 41.

20. Is é "Tascfhórsa an Aitheantóra Reachtaíochta Eorpaigh", "táscfhórsa ARE" anseo feasta, an comhlacht a chruthaigh an Mheitheal maidir le R-Sheirbhísí Dlí de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh chun sonraíochtaí a bhaineann le ARE a shainiú agus chun a n-éabhlóid agus a gcaomhnú amach anseo a áirithiú i gcreat struchtúrtha:

a) Is féidir teacht ar dhréachtsonraíochtaí thascfhórsa ARE lena leagtar síos caighdeán ARE ar láithreán gréasáin Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh:

http://publications.europa.eu/mdr/eli/ ;

b) Sainíonn tascfhórsa ARE tacar próiseas chun sonraíochtaí ARE a athrú agus a chothabháil lena dtuartar rannpháirtíocht geallsealbhóirí leasmhara ARE, agus áirithítear leis sin go mbeidh na leaganacha a thiocfaidh chun cinn comhoiriúnach leis na leaganacha a bhí ann roimh sin ionas go gcinntítear nach gcuirfear as don mhéid atá curtha chun feidhme go dtí seo;

c) Dréachtaíonn tascfhórsa ARE roinnt treoracha dea-chleachtais agus d'fhorbair sé roinnt acmhainní, a bhfuil rochtain orthu ó chlárlann ARE:

http://eurlex.europa.eu/eli ;

d) Is é is aidhm do thascfhórsa ARE cuidiú le foilsitheoirí reachtaíochta rialtais ar mian leo ARE a ghlacadh trí shaineolas a chomhroinnt;

e) Is iad na tíortha Eorpacha inar cuireadh ARE chun feidhme atá mar bhaill de thascfhórsa ARE.

21. Ba cheart do shainghrúpa na Meithle um R-Sheirbhísí Dlí (r-Sheirbhísí Dlí) maidir le ARE an tionscnamh seo a spreagadh tríd an méid a leanas a dhéanamh:

a) na Ballstáit a cheadú chun taithí agus dea-chleachtas maidir le húsáid ARE a mhalartú;

b) na Ballstáit a chur ar an eolas faoi obair thascfhórsa ARE;

c) ábhair imní agus riachtanais na mBallstát i bhfianaise ARE a thuairisciú don Mheitheal um r-Sheirbhísí Dlí;

d) ábhar na gcruinnithe a thuairisciú don Mheitheal um r-Sheirbhísí Dlí.

22. Tugann an Chomhairle dá haire go bhfuil gach colún ARE (i.e. aitheantóirí uathúla, ointeolaíocht agus meiteashonraí) faoi réir a thabhartha isteach go deonach, de réir a chéile agus go roghnach.

23. Féadfar colúin ARE a chur chun feidhme, neamhspleách ar a chéile, ach is leis na colúin uile le chéile a bhainfear tairbhe iomlán as ARE. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit a chinnfidh ARE a thabhairt isteach ar bhonn deonach an méid a leanas a dhéanamh:

a) ARE a chur i bhfeidhm i ndáil le píosaí reachtaíochta náisiúnta ar féidir teacht uirthi in Irisí Oifigiúla náisiúnta, in Irisí Dlí náisiúnta nó i gcórais faisnéise dlí arna n-oibriú ag na Ballstáit;

b) ar an mbealach is fearr a mheasann siad a bheith indéanta go teicniúil, agus reachtaíocht náisiúnta á foilsiú in Irisí Oifigiúla náisiúnta, in Irisí Dlí náisiúnta nó á cur ar fáil ina gcuid córas faisnéise dlí:

   i. aitheantóir uathúil a shannadh do gach píosa reachtaíochta, bunaithe ar theimpléid ina mbaintear úsáid as roinnt de na comhpháirteanna nó as na comhpháirteanna uile a leagtar amach sna sonraíochtaí;

   ii. lena n-áirítear cuid de na meiteashonraí agus den ointeolaíocht mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 faoi 3 iad. láithreáin thagracha ARE;

   iii. sraith a dhéanamh de na meiteashonraí sin ar leathanaigh ghréasáin na nIrisí Oifigiúla agus na nIrisí Dlí.

c) comhordaitheoir náisiúnta ARE a cheapadh;

d) faisnéis maidir le ARE a chomhroinnt agus a scaipeadh;

e) plé a dhéanamh gach bliain i meitheal na Comhairle ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le ARE agus le meiteashonraí a thabhairt isteach don reachtaíocht náisiúnta.

## Príomheilimintí faisnéise agus tagairtí

1. Maidir le cur chun feidhme náisiúnta

### *1.1. Comhordaitheoir náisiúnta ARE*

1. Ní mór do gach tír a bhainfidh leas as ARE comhordaitheoir náisiúnta amháin ar ARE a cheapadh.

2. Beidh comhordaitheoir náisiúnta ar ARE freagrach as an méid seo a leanas:

   a) stádas cur chun feidhme ARE a thuairisciú;

   b) an teimpléad URI/na teimpléid URI is infheidhme a chomhroinnt agus a thuairisciú;

   c) na meiteashonraí, agus an ghaolmhaireacht atá acu le scéimre mheiteashonraí ARE, a chomhroinnt agus a thuairisciú (más infheidhme);

   d) an fhaisnéis thuasluaite a sholáthar do thascfhórsa ARE agus don Ghrúpa Saineolaithe chun go bhfoilseofar í ar shuíomh gréasáin chlár ARE.

### *1.2. Cur chun feidhme*

1. Is freagracht náisiúnta é ARE a chur chun feidhme.

2. Féadfar ARE a úsáid mar rogha freisin i bhfoirm fhoilsithe an ghnímh reachtaigh féin, le gur fusa a bheidh sé atreorú a dhéanamh go héasca.

### *1.3. ARE laistigh den Aontas*

1. Is é Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh comhordaitheoir ARE le haghaidh chur chun feidhme ARE ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

2. I gcás inarb iomchuí, léitear 'tír' nó 'Ballstát' mar 'an tAontas Eorpach'.

## 2. Eilimintí ARE

Leis na heilimintí seo a leanas de chuid ARE, tugtar aghaidh ar na ceanglais sin ar bhonn teicniúil (colúin ARE). Féadfar colúin ARE a chur chun feidhme, neamhspleách ar a chéile, ach is leis na colúin uile le chéile a bhainfear tairbhe iomlán as ARE.

### *2.1. Reachtaíocht a shainaithint — bealaí chun reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach a shainaithint agus a ainmniú, agus chun teacht uirthi, go huathúil ('colún 1')*

Baineann ARE leas as URIanna HTTP chun an fhaisnéis dlí uile a shainaithint go sonrach a fhoilsítear go hoifigiúil ar fud na hEorpa ar líne. Le teimpléid URI atá inléite ag meaisín (IEFT RFC 6570), déantar cur síos foirmiúil ar na URIanna sin, agus úsáid á baint as eilimintí lena ngabhann séimeantaic ó thaobh an dlí agus ó thaobh an úsáideora deiridh. Cuirfidh gach tír a cuid URIanna féin le chéile, agus déanfar cur síos ar na URIanna go huathoibríoch, ag tógáil a mhéid is féidir, ar na heilimintí a ndéantar cur síos orthu agus ceanglais shonracha teanga na tíre féin á gcur san áireamh ag an tír. Tá sé de shaoirse ag tíortha na heilimintí a roghnú agus a shocrú ar an gcaoi is fearr a oireann dá gcuid riachtanas.

Déantar na heilimintí a shainiú agus a chur ar fáil ar bhealach níos cuimsithí ar na láithreáin gréasáin a luaitear i bpointe 3 "láithreáin gréasáin tagartha ARE".

### *2.2. Airíonna ina ndéantar cur síos ar gach gníomh reachtach ('colún 2')*

Le URI struchtúrtha, féadfar gníomhartha a shainaithint cheana agus úsáid á baint as tacar d'eilimintí sainithe, ach má chuirtear meiteashonraí breise leis, a bhunaítear faoi chuimsiú comhréir comhroinnte, beidh an bonn ann chun an idir-inoibritheacht idir córais faisnéise dlí a chur chun cinn agus a fheabhsú. Trí na meiteashonraí a shainaithint lena ndéantar cur síos ar shaintréithe acmhainne, beidh tíortha in ann faisnéis ábhartha atá próiseáilte ag stáit eile a athúsáid ar mhaithe lena gcuid riachtanas féin, gan an gá a bheith acu córais faisnéise bhreise a chur ar bun.

Dá bhrí sin, cé go bhfuil sé de shaoirse ag tíortha a scéimre meiteashonraí féin a úsáid, spreagtar iad caighdeáin mheiteashonraí ARE a leanúint agus a úsáid le táblaí údaráis atá comhroinnte ach inbhreisithe, lena bhféadfar riachtanais ar leith a chomhlíonadh. Tá sé ceaptha scéimre meiteashonraí ARE a úsáid i dteannta scéimrí meiteashonraí saincheaptha.

Is ionann ointeolaíocht agus cur síos foirmiúil ar thacar de choincheapa agus de ghaolmhaireachtaí i réimse ar leith. Trí chur síos a dhéanamh ar airíonna na reachtaíochta agus na gaolmhaireachtaí idir coincheapa éagsúla, d'fhéadfaí teacht ar chomhthuiscint agus seachnaítear an débhríocht idir téarmaí. Ós rud é gur sonraíocht fhoirmiúil í ointeolaíocht, tá sí inléite go díreach ag meaisín.

Cuirtear meiteashonraí ARE ar bhonn foirmiúil trí ointeolaíocht ARE, ag tógáil ar an eiseamláir sheanbhunaithe le haghaidh 'Riachtanais fheidhmiúla do thaifid bhibleagrafacha' (FRBR, http://archive.ifla.org/VII/s13/frbr/), ailínithe le tionscnaimh eile um chaighdeánú atá ann faoi láthair sa réimse.

Rialaíonn tascfhórsa ARE cothabháil na hointeolaíochta.

### *2.3. Na meiteashonraí a chur ar fáil chun sonraí a mhalartú ('colún 3')*

Chun go mbeidh an malartú sonraí níos éifeachtúla, féadfar eilimintí meiteashonraí ARE a aicmiú i gcomhréir le moladh W3C 'RDFa i XHTML: Comhréir agus Próiseáil' (RDFa). Féadfaidh na Ballstáit roghnú a dhéanamh formáidí breise maidir le haicmiú, de bhreis ar RDFa, a chur leis na heilimintí sin.

3. <u>Láithreáin tagartha ARE</u>

Is ar fáil ar thairseach EUR-Lex atá clár chomhordaitheoirí náisiúnta ARE, faisnéis maidir le formáid agus le húsáid ARE sna Ballstáit rannpháirteacha agus eolas úsáideach eile:

http://eurlex.europa.eu/eli

Déanann Tascfhórsa ARE leagan tagartha ointeolaíocht ARE a chothabháil. An leagan sin, lena n-áirítear gach leagan a foilsíodh roimhe seo, agus na nótaí a ghabhann leo maidir le scaoileadh, tá siad ar fáil saor in aisce sa Chlárlann Meiteashonraí (MDR) atá á hóstáil ag Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh:

http://publications.europa.eu/mdr/eli